An Bord Pleanála

# Táillí agus muirir



Samhain 2024

# Faoin treoir seo

Liostaítear sa treoir seo na táillí agus na muirir a íoctar leis an mBord Pleanála as:

- Cásanna achomhairc pleanála
- Cásanna d'fhorbairt bonneagair straitéisigh
- Cásanna d'fhorbairt straitéiseach tithíochta
- Cásanna faoi na hAchtanna um Rialú Foirgníochta
- Cásanna faoi na hAchtanna um Thruailliú Uisce
- Cásanna eile faoi na hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt
- Iarratais eile, mar shampla iarratais faoin Acht um Shaoráil Faisnéise

**Tá na táillí sa treoirleabhar seo bailí ó Mheán Fómhair 2011, seachas na táillí do chásanna d'fhorbairt straitéiseach tithíochta a tháinig i bhfeidhm i mí Iúil 2017 agus na táillí a bhaineann le láithreáin fholmha atá i bhfeidhm ó mhí Aibreáin 2019.**

Is mar threoir agus mar chúnamh amháin a fhoilsítear an treoir eolais seo. Ní léirmhíniú dlíthiúil ar an reachtaíocht é. Ní mór do gach léitheoir déanamh de réir na bhforálacha reachtúla a bhaineann lena chás féin agus treoir a fháil ó shaineolaí más gá.

# Conas an treoir seo a úsáid

Tá an phríomhthreoir Táillí agus Muirir roinnte ina ocht gcuid, ar féidir iad a léamh ina n-aonar nó i dteannta a chéile.

| | |
|---|---|
| 1 | Céard í an táille a ghearrtar ar an rud is mian liom a dhéanamh? |
| 2 | Táillí achomhairc pleanála |
| 3 | Táillí do chineálacha achomhairc eile |
| 4 | Táillí do chásanna d'fhorbairt bonneagair straitéisigh |
| 5 | Táillí do chásanna d'fhorbairt straitéiseach tithíochta |
| 6 | Rochtain ar mhuirir ar sheirbhísí eolais |
| 7 | Eolas ar conas táillí a íoc agus conas a shocraítear táillí |
| 8 | Reachtaíocht agus sonraí teagmhála |

Más eol duit an chatagóir táille don rud a theastaíonn uait a dhéanamh, is féidir leat féachaint ar an gclár ar leathanaigh a 0.4 agus a 0.5.

Mura bhfuil tú cinnte faoin táille a oireann duit, is féidir leat féachaint ar "Céard í an táille a ghearrtar ar an rud is mian liom a dhéanamh?" ar leathanaigh 1.2 go 1.5. Cabhróidh sé sin leat méid do tháillí a dhéanamh amach.

Mura bhfuil tú cinnte faoi mhíniú téarma ar bith, molaimid duit gluais na dtéarmaí atá in úsáid sa treoir seo a léamh ar leathanaigh 0.6 go 0.13.

# Clár

**Téarmaí a úsáidtear sa treoir seo ........ 0.6**

**Treoir Táillí 1**
**Cad é an táille don rud a theastaíonn uaim a dhéanamh? ........ 1.1**

**Treoir Táillí 2**
**Achomhairc Phleanála ........ 2.1**

Achomhairc Chéad Pháirtí ........ 2.2
Achomhairc Thríú Páirtí ........ 2.5
Cead achomhairc ........ 2.5
Táille laghdaithe achomhairc ........ 2.5
Tuairim ar achomharc ........ 2.6
Aighneacht ar chóip d'achomharc nó de dhoiciméid achomhairc a fhaigheann tú ón mBord Pleanála ........ 2.6
Iarratas ar éisteacht ó bhéal ........ 2.6
Achomhairc eile faoi na hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt ........ 2.6
Achomhairc in aghaidh dréachtscéim phleanála a dhéanamh i gcrios forbartha straitéisigh ........ 2.6
Achomharc in aghaidh cinneadh maidir le ceadúnas chun gléas, trealamh, struchtúr, cábla nó rud éigin eile a shuí ar bhóthar poiblí ........ 2.7
Achomhairc eile faoi na hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt ........ 2.7
Tarchuir ........ 2.7
Toiliú ionaid ........ 2.8
TMTT a scóipeáil ........ 2.8
TMTT nó RTN a chur isteach ar iarratas ón mBord ........ 2.8
Eagraíochtaí nó daoine a íocann táillí laghdaithe ar achomhairc nó tarchuir, agus nach n-íocann táille ar aighneachtaí ........ 2.9

**Treoir Táillí 3**
**Cineálacha achomhairc eile ........ 3.1**

Achomhairc faoi na hAchtanna um Rialú Foirgníochta ........ 3.2
Achomhairc faoin Acht um Athghiniúint Uirbeach agus Tithíocht ........ 3.2
Achomhairc ar cheadúnas truaillithe uisce ........ 3.3

**Treoir Táillí 4**
**Cásanna d'fhorbairt bonneagair straitéisigh ..... 4.1**
Comhairliúcháin réamhiarratais ..... 4.2
Iarratais ..... 4.3
Iarratais ar athrú ..... 4.4
Tuairim nó aighneacht maidir le hiarratas ..... 4.5

**Treoir Táillí 5**
**Cásanna d'fhorbairt straitéiseach tithíochta ..... 5.1**
Comhairliúcháin réamhiarratais ..... 5.2
Iarratais (Alt 4) ..... 5.2
Iarratas a dhéanamh ar athrú ar an gcead reatha pleanála a tugadh faoi Alt 34 den Acht um Pleanáil agus Forbairt ..... 5.3
TMTT nó RTN a chur isteach le d'iarratas ..... 5.3
Iarratais ar athrú ..... 5.3
Iarratais ar scagadh agus ar scóipeáil ..... 5.4
Iarratas ar éisteacht ó bhéal ..... 5.4
Aighneacht nó tuairim maidir le hiarratas a chur isteach (Alt 8) ..... 5.4
Eagraíochtaí nó daoine a íocann táillí laghdaithe ar achomhairc nó tarchuir, agus nach n-íocann táille ar aighneachtaí ..... 5.5

**Treoir Táillí 6**
**Muirir as rochtain ar sheirbhísí eolais ..... 6.1**
Féachaint ar chomhad cás cinnte: Rochtain Phoiblí ..... 6.2
Iarratais Saorála Faisnéise (SF) ..... 6.3
Fáil ar eolas ar iarratais maidir leis an gcomhshaol ..... 6.4

**Treoir Táillí 7**
**Eolas ar conas táillí a íoc agus conas a shocraítear táillí ..... 7.1**
Táillí agus muirir a íoc ..... 7.2
Conas a shocraítear na táillí? ..... 7.4

**Treoir Táillí 8**
**Reachtaíocht agus sonraí teagmhála ..... 8.1**
Reachtaíocht agus rialacháin ..... 8.2
Déan teagmháil linn ..... 8.2

## Téarmaí a úsáidtear sa treoir seo

Sula n-aithnímid an táille cheart duit, seo roinnt téarmaí coitianta a úsáidtear sa treoir seo. Cabhróidh siad leat an táille cheart a aimsiú.

| | |
|---|---|
| **Fáil ar eolas ar an gcomhshaol** | Faoi na rialacháin maidir le Fáil ar Eolas ar an gComhshaol, is féidir le haon duine iarratas a chur chuig an mBord Pleanála ar fhaisnéis ar an gcomhshaol atá ag an mBord Pleanála nó ag duine eile ar son an Bhoird Pleanála. |
| **Admháil** | Cáipeis a eisíonn údarás pleanála duit le taispeáint go bhfuil aighneacht curtha agat chuig an údarás pleanála sin. |
| **Acht** | Dlí a ritheann an tOireachtas (an pharlaimint) agus a cheadaíonn an tUachtarán. |
| **Achomharc** | Duine nó comhlacht a dhéanann iarratas pleanála a achomharc. |
| **Achomharc (rialú foirgníochta)** | Athbhreithniú ar chinneadh bunaidh a rinneadh iarratas atá déanta ag údarás um rialú foirgníochta chun cead a dhiúltú nó a thabhairt faoi réir coinníll nó coinníollacha. |
| **Achomharcóir** | Duine nó comhlacht a dhéanann achomharc (féach **Chéad Pháirtí**, **Tríú Páirtí**, leis). |
| **Iarratasóir** | Duine aonair nó eagraíocht a chuireann iarratas pleanála isteach chuig údarás pleanála (féach **Chéad Pháirt,** leis). |

| | |
|---|---|
| **Measúnú oiriúnachta (MO)** | Scrúdú ar phlean nó ar thionscadal féachaint cén tionchar diúltach a d'fhéadfadh a bheith aige ar shuíomh atá faoi chosaint faoin Treoir maidir le Gnáthóga AE. (Seo treoir faoin fhiadhúlra agus faoi chaomhnú an dúlra). |
| **Bord** | Bord an Bhoird Pleanála. |
| **Údarás um rialú foirgníochta** | An t-údarás áitiúil – comhairle contae, comhairle cathrach nó comhairle cathrach agus contae – atá freagrach as rialú foirgníochta ina gceantair féin. |
| **Tráchtála** | Is éard is forbairt thráchtála ann:<br>• forbairtí nach forbairtí cónaithe iad, do chuspóirí proifisiúnta, tráchtála nó tionsclaíochta,<br>• forbairtí le haghaidh seirbhísí íoctha nó seirbhísí dá bhfaightear luach saothair, nó<br>• forbairtí cónaithe de dhá theach / árasán nó níos mó.<br>Ní áirítear ar fhorbairt thráchtála forbairtí do chuspóirí talmhaíochta. |
| **Deimhniú um Rochtain Míchumais** | Deimhniú a thugann údarás um rialú foirgníochta a dheimhníonn comhlíonadh dearadh oibreacha áirithe go gcomhlíonann an foirgneamh, na hoibreacha nó athrú úsáide má thógtar iad de réir pleananna, doiciméid agus eolas a cuireadh isteach é riachtanais Chuid M den Dara Sceideal sna Rialacháin Foirgníochta. |
| **Díolúine (rialú tógála)** | Tá díolúine ann nó ní gá déanamh de réir ghnáthriachtanais na Rialachán Foirgníochta. |

| | |
|---|---|
| **Tuarascáil ar Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta (TMTT)** | Cáipéis a ullmhaíonn iarratasóir ina ndéantar measúnú ar an tionchar is dócha a bheidh ag an fhorbairt bheartaithe ar an gcomhshaol. |
| **Deimhniú sábháilteachta dóiteáin** | Deimhniú a thugann údarás um rialú foirgníochta a dheimhníonn go gcomhlíonann an foirgneamh, na hoibreacha nó athrú úsáide má thógtar iad de réir pleananna, doiciméid agus eolas a cuireadh isteach é riachtanais Chuid B den Dara Sceideal sna Rialacháin Foirgníochta. |
| **An Chéad Pháirtí** | An té a iarrann cead pleanála maidir le forbairt bheartaithe (féach **Iarratasóir**, leis). |
| **Saoráil faisnéise** | Faoin Acht um Shaoráil Faisnéise, is féidir le haon duine iarratas a chur chuig an mBord Pleanála ar fhaisnéis atá ag an mBord Pleanála agus nach bhfuil ar fáil don phobal ar aon slí eile. |
| **Neamhbhailí** | Ní chomhlíontar gach ceann de na riachtanais reachtúla is gá faoin dlí agus faoi rialacháin le bheith meastar mar chás. |

| | |
|---|---|
| **Cead achomhairc** | Cead an Bhoird a iarraidh chun achomharc a dhéanamh de bhrí:<br>1: ní dhearna tú aighneacht ar iarratas; **agus**<br>2: tá baint ag na coinníollacha ceada a ceanglaíodh le deonú ceada le talamh:<br>a) a bhfuil leas agat ann; **agus**<br>b) atá láimh leis an suíomh beartaithe forbartha. |
| **Tionscadal údaráis áitiúil** | Iarratais a dhéanann údarás áitiúil go díreach chuig an mBord Pleanála ar chead pleanála maidir le forbairt a bheartaíonn údarás áitiúil a dhéanamh nó a bheartaítear a dhéanamh thar ceann údaráis áitiúil. Samplaí is ea oibreacha tuilte, tionscadail bheaga bóthair agus tithíocht. Áirítear ar thionscadail údaráis áitiúil ceannach éigeantach talú, mar shampla orduithe ceannaigh éigeantaigh. |
| **Ráiteas tionchair Natura (RTN)** | Cáipéis a ullmhaíonn iarratasóir ina ndéantar measúnú ar an tionchar is dócha a bheidh ag an bhforbairt bheartaithe ar an gcomhshaol. |
| **Tuairim** | Doiciméad a chuireann **Breathnóir** isteach (féach **Aighneacht**, leis) |
| **Breathnóir (Achomhairc)** | Duine ar bith, taobh amuigh den iarratasóir, údarás pleanála nó den achomharcóir, a thráchtann ar achomharc (féach **Tuairim**, leis). |
| **Breathnóir (Iarratais)** | Duine ar bith, taobh amuigh den iarratasóir, a thráchtann ar iarratas (féach **Tuairim**, leis). |

| | |
|---|---|
| **Éisteacht ó Bhéal** | Cruinniú is ea éisteacht ó bhéal chun gur féidir ceisteanna ábhatha i gcás a phlé agus a scrúdú. |
| **Ár** | An Bord Pleanála. |
| **An tAcht um Pleanáil agus Forbairt 2000;**<br>**Na hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt (leasaithe)** | Acht den Oireachtas a achtaíodh in 2000 maidir le nithe a rialaíonn córas pleanála na hÉireann. Rinneadh codanna d'Acht 2000 a athrú nó a leasú le roinnt Achtanna eile. Na hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt 2000 go 2019 a thugtar orthu seo in éineacht. |
| **Údarás pleanála** | An t-údarás áitiúil – comhairle contae, comhairle cathrach, nó comhairle contae agus cathrach – atá freagrach as pleanáil ina cheantar. |
| **Tarchur maidir le mionsonra** | I gcásanna áirithe, is féidir iarraidh ar an mBord, trí tharchur maidir le mionsonra, cinneadh a dhéanamh i gcás nuair nach féidir leis na rannpháirtithe teacht aon chinneadh (féach **Tarchur (Alt 5),** leis.) |
| **Comhlacht forordaithe** | Eagraíocht nó comhlacht atá sonraithe i rialacháin a rinne an tAire. |
| **Rochtain Poiblí** | Tar éis cás a chinneadh, is féidir leat féachaint ar chomhad an cháis chinnte laistigh de thrí lá tar éis an chinnidh.<br>Fáil ag an bpobal a thugtar air seo. |

| | |
|---|---|
| **Tarchur (Alt 5)** | Cás ina gcinneann an Bord cibé an gá cead pleanála maidir le togra (féach **Tarchur maidir le mionsonra**, leis) |
| **Deimhniú rialtachta** | Deimhniú a thugann údarás um rialú foirgníochta i gcás inar cuireadh tús le foirgneamh nó inar tugtha chun críche é gan deimhniú sábháilteachta ar dhóiteán, inar gá a leithéid de dheimhniú agus a dheimhíonn go gcomhlíonann an obair thógála Cuid B den Dara Sceideal leis na Rialacháin Foirgníochta. |
| **Rialacháin** | Dlí nó rialacha a dhéantar faoi Acht nó a dhéanann Aire Rialtais, uaireanta. |
| **Maolú (rialú foirgníochta)** | Gnáthriachtanais na Rialachán Foirgníochta a mhaolú nó a laghdú. |
| **Coimeád** | Cead pleanála le haghaidh forbairt atá déanta go páirteach nó go hiomlán. |
| **Deimhniú leasaithe rochtana míchumais** | Deimhniú a dheonaíonn údarás foirgníochta atá riachtanach nuair:<br>• a dhéantar iarratas ar dheimhniú rochtana míchumais roimh chead pleanála a thabhairt, faoin gceadú pleanála dá éis, nó<br>• i gcás ina ndéantar athrú suntasach ar dhearadh, oibreacha, leathnú nó úsáid foirgnimh dár eisíodh deimhniú rochtana míchumais cheana féin **agus**<br>• i gcás ina gceanglaíonn aon athrú ar an gcead pleanála (lena n-áirítear aon chionníollacha a chuirtear ag gabháil leis) go gcomhlíonann an dearadh leasaithe Cuid M de na rialacháin. |

| | |
|---|---|
| **Deimhniú leasaithe sábháilteachta dóiteáin** | Deimhniú a dheonaíonn údarás um rialú foirgníochta atá éigeantach i gcás:<br>• iarratais ar dheimhniú sábháilteachta dóiteáin a dhéantar sula bhfaightear cead pleanála, faoin gcéad pleanála dá éis, nó<br>• i gcás ina ndéantar leasú suntasach ar an dearadh, ar na hoibreacha, ar an leathnú nó ar úsáid foirgnimh ar deonaíodh deimhniú sábháilteachta ar dhóiteáin ina leith, agus<br>• i gcás ina gceanglaíonn aon leasú ar an gcead pleanála (lena n-áirítear aon choinníollacha a ghabhann leis) go gcomhlíonfadh an dearadh leasaithe Cuid B de na rialacháin. |
| **Reachtúil** | Rud éigin a chinntear, a bhunaítear nó a rialaítear le reacht. Reacht is ea dlí a ritheann an pharlaimint. |
| **Riachtanais reachtúla** | Riachtanais de réir dlí is gá a chomhlíonadh chun go mbeidh cás bailí. |
| **Crios forbartha straitéisí** | Limistéar a ainmníonn an Rialtas a mbeartaítear forbairt a bhfuil tábhacht eacnamaíoch nó sóisialta léi don Stát a dhéanamh ann. Tar éis é a ainmniú, molann an t-údarás áitiúil dréachtscéim pleanála de réir a chéile d’fhorbairt an Chriosa Forbartha Straitéisigh. Is féidir dréachtscéimeanna pleanála a achomharc chuig an mBord Pleanála. |
| **Forbairt straitéiseach tithíochta** | Seoltar iarratais ar chead pleanála go díreach chuig an mBord Pleanála i gcás forbairtí áirithe tithíochta. |

| | |
|---|---|
| **Forbairt bonneagair straitéisigh** | Seoltar iarratais ar chead pleanála go díreach chuig an mBord Pleanála i gcás mórfhorbairtí bonneagair de chuid údaráis áitiúil agus údaráis eile. |
| **Aighneacht** | Doiciméad maidir le hachomharc nó iarratas a bhféadfadh míreanna tacaíochta ar nós grianghraf, pleananna, líníochtaí agus treoir theicniúil a bheith san áireamh ann. (Is féidir doiciméad clóscríofa nó lámhscríofa a chur ar fáil.) |
| **Toiliú ionaid** | Iarratas ar chead a dhéantar go díreach chuig an mBord Pleanála mar gheall ar thogra atá déanta agus ar chóir aon cheann de na measúnaithe seo a leanas, measúnaithe nár rinneadh, a dhéanamh ina leith:<br>• Measúnú Tionchair Timpeallachta<br>• Cinneadh ar Mheasúnú Tionchair Timpeallachta<br>• Measúnú Oiriúnachta |
| **(Achomharc) Tríú Páirtí** | Achomharc ó dhuine seachas an t-iarratasóir in aghaidh cinneadh a rinne údarás pleanála ar fhorbairt bheartaithe (féach **Achomharcóir,** leis). |
| **Bailí** | Comhlíonann sé gach riachtanas reachtúil is gá faoin dlí agus faoi rialacháin le bheith measta mar chás |
| **Muidne** | An Bord Pleanála. |
| **Sinne** | An Bord Pleanála. |

| | |
|---|---|
| **Tusa** | Tusa mar dhuine, cuideachta, grúpa, eagraíocht nó údarás Stáit. |

Treoir Táillí 1

# Cad é an táille don rud a theastaíonn uaim a dhéanamh?

# Cad é an táille don rud a theastaíonn uaim a dhéanamh?

Chun an méid a d'fhéadfadh a bheith le híoc agat linn a aithint, iarrtar ort an méid seo a leanas a léamh go cúramach. Ar dheis gheofar uimhreacha na leathanach mar a bhfuil na táillí cuí liostaithe. I gcló dubh gheofar an téarma a úsáidtear chun tagairt a dhéanamh duitse nó do d'iarratas.

| Achomhairc phleanála | Táillí ar lgh. |
|---|---|
| Chuir mé iarratas chuig an údarás pleanála ar chead d'fhorbairt bheartaithe. Is mian liom cinneadh an údaráis pleanála nó cuid de a achomharc. Is **Céad Pháirtí** thú. | 2.2 – 2.4 |
| Chuir mé aighneacht chuig an údarás pleanála maidir le hiarratas. Is mian liom cinneadh an údaráis pleanála a achomharc. Is **Tríú Páirtí** thú. | 2.5 |
| Rinneadh achomharc maidir le cinneadh údarás pleanála agus is mian liom tuairim a chur chuig an mBord Pleanála. Is **Breathnóir** thú. | 2.6 |
| Tá cóip d'achomharc nó de dhoiciméid achomhairc faighte agam ón mBord Pleanála. Ba mhaith liom a fháil amach an gá táille a íoc as aighneacht a dhéanamh ar achomharc nó ar dhoiciméid achomhairc. | 2.6 |
| Táim ag iarraidh iarratas a chur chuig an mBord chun achomharc a chur isteach toisc nár chuir mé aighneacht isteach ar an iarratas, ach go mbeadh tionchar ag na coinníollacha anois ar thalamh a bhfuil leas agam ann agus atá in aice leis an bhforbairt bheartaithe dá dtabharfadh an údarás pleanála cead don iarratas. Is **iarratas ar achomharc a chur isteach** é seo. | 2.5 |
| Cheadaigh an Bord Pleanála dom iarratas a achomharc. An táille chun **achomharc** a dhéanamh atá uaim. | 2.5 |

| **Achomhairc phleanála** | **Táillí ar lgh.** |
|---|---|
| Ba mhaith liom go dtionólfadh an Bord Pleanála **éisteacht ó bhéal** ar achomharc pleanála. | 2.6 |
| Ba mhaith liom go ndéanfadh an Bord Pleanála **tarchur**. | 2.8 |
| An táille do **chomhlacht forordaithe** chun achomharc a dhéanamh atá uaim. | 2.5 |
| An táille le haghaidh iarratas ar **thoiliú ionaid** atá uaim. | 2.8 |
| An táille chun achomharc a dhéanamh in aghaidh scéimeanna pleanála i **limistéir forbartha straitéisí** atá uaim. | 2.6 |
| An táille chun ceadúnas chun gléas, trealamh, struchtúr, cábla nó aon rud eile a chur ar bhóthar poiblí a **achomharc**, atá uaim. | 2.6 |
| An táille chun **achomharc** nár luadh thuas a dhéanamh faoi na hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt, atá uaim. | 2.6 |

| **Staidéar scóipe nó scagadh TMTT  nó RTN** | **Táillí ar lgh.** |
|---|---|
| An táille chun TMTT nó RTN a scóipeáil nó a chur isteach. | 2.9 |

| **Cásanna d'fhorbairt bonneagair straitéisigh** | **Táillí ar lgh.** |
| --- | --- |
| Is mian liom comhairliúchán a iarraidh maidir le hiarratas ar **fhorbairt bonneagair straitéisigh** sula gcuirim isteach é.<br>(Is iarratas ar chomhairliúchán réamhiarratais é seo). | 4.2 |
| Is mian liom iarratas ar **fhorbairt bonneagair straitéisigh** nó ar **thionscadal údaráis áitiúil** a dhéanamh. | 4.3 |
| Is mian liom tuairim nó aighneacht a chur isteach maidir le **forbairt bonneagair straitéisigh** nó **tionscadal údaráis áitiúil** atá os comhair an Bhoird Pleanála. | 4.4 |

| **Cásanna d'fhorbairt straitéiseach tithíochta** | **Táillí ar lgh.** |
| --- | --- |
| Is mian liom comhairliúchán a iarraidh maidir le hiarratas ar **fhorbairt straitéiseach tithíochta** sula gcuirim isteach é.<br>(Is iarratas ar chomhairliúchán réamhiarratais é seo). | 5.2 |
| Is mian liom iarratas ar **fhorbairt straitéiseach tithíochta** a dhéanamh. | 5.2 – 5.4 |
| Is mian liom aighneacht a chur isteach maidir le **forbairt straitéiseach tithíochta** atá os comhair an Bhoird Pleanála. | 5.4 |
| Ba mhaith liom go dtionólfadh an Bord Pleanála **éisteacht ó bhéal** ar iarratas. | 5.4 |

| Achomhairc faoi na hAchtanna um Rialú Foirgníochta | Táillí ar lch. |
|---|---|
| Ba mhaith liom cinneadh a rinneadh ar cheann díobh seo a leanas a **achomharc**:<br>• Deimhniú Sábháilteachta ar Dhóiteán;<br>• Deimhniú Sábháilteachta ar Dhóiteán leasaithe;<br>• Deimhniú Tabhairt chun Rialtachta;<br>• Dispeansáid;<br>• Maolú;<br>• Deimhniú Rochtana Míchumais, nó<br>• Deimhniú Rochtana Míchumais leasaithe | 3.2 |

| Achomhairc faoin Acht um Athghiniúint Uirbeach agus Tithíocht | Táillí ar lch. |
|---|---|
| Is mian liom **achomharc** a dhéanamh in aghaidh cinneadh údaráis pleanála chun láithreán a chur ar chlár na láithreán folamh nó íocaíocht de thobhach na láithreán folamh faoin Acht um Athghiniúint Uirbeach agus Tithíocht 2015 a éileamh. | 3.2 |

| Achomhairc truaillithe uisce | Táillí ar lgh. |
|---|---|
| Seo an rud atá uaim a dhéanamh:<br>• **achomharc**,<br>• **aighneacht**, nó<br>• **éisteacht ó bhéal** a iarraidh<br>ar cheadúnas a eisíodh faoin Acht Rialtais Áitiúil (Truailliú Uisce) 1977 nó faoin Acht um Sheirbhísí Uisce 2007. | 3.3 – 3.4 |

| **Féachaint ar chomhaid cásanna cinnte: Rochtain Poiblí** | **Táillí ar lch.** |
|---|---|
| Na táillí ar amharc ar chomhaid cás cinnte tríd an tseirbhís fála ag an bpobal atá uaim. | 6.2 |

| **Iarratais faoin Acht um Shaoráil Faisnéise** | **Táillí ar lch.** |
|---|---|
| Na táillí chun eolas a iarraidh faoin Acht um Shaoráil Faisnéise atá uaim. | 6.3 |

| **Teacht ar eolas ar iarratais maidir leis an gcomhshaol** | **Táillí ar lch** |
|---|---|
| Na táillí chun eolas a iarraidh faoi Rialacháin an Chomhphobail Eorpaigh (Rochtain ar Eolas ar an gComhshaol) atá uaim. | 6.4 |


**Mura bhfeiceann tú cur síos ar an méid a theastaíonn uait a dhéanamh, déan teagmháil linn. Beidh ball foirne sásta cabhrú leat an táille nó an muirear ceart a fháil amach.**

Treoir Táillí 2

# Achomhairc Phleanála

# Achomhairc Chéad Pháirtí

**Conas do tháille achomhairc Chéad Páirtí a aimsiú.**



| Achomhairc Chéad Pháirtí | | Táille |
|---|---|---|
| A1 | Is mian leat cinneadh a rinne údarás pleanála ar iarratas a chuir tú isteach chuige a achomharc, agus i gcás an achomhairc sin:<br>• **níl** aon choimeád i gceist ann;<br>• **ní** bhaineann sé le forbairt thráchtála; agus<br>• **níl** TMTT ná RTN i gceist san achomharc nó san iarratas. | €220 |
| A2 | Is mian leat cinneadh a rinne údarás pleanála ar iarratas a chuir tú isteach chuige a achomharc, agus i gcás an achomhairc sin:<br>• **níl** aon choimeád i gceist ann;<br>• **ní** bhaineann sé le forbairt thráchtála; agus<br>• **tá** TMTT ná RTN i gceist san achomharc nó san iarratas. | €220 |
| A3 | Is mian leat cinneadh a rinne údarás pleanála ar iarratas a chuir tú isteach chuige a achomharc, agus i gcás an achomhairc sin:<br>• **níl** aon choimeád i gceist ann;<br>• **tá** baint aige le forbairt thráchtála; agus<br>• **níl** TMTT ná RTN i gceist san achomharc nó san iarratas. | €1,500 |
| A4 | Is mian leat cinneadh a rinne údarás pleanála ar iarratas a chuir tú isteach chuige a achomharc, agus i gcás an achomhairc sin:<br>• **níl** aon choimeád i gceist ann;<br>• **tá** baint aige le forbairt thráchtála; agus<br>• **tá** TMTT ná RTN i gceist san achomharc nó san iarratas. | €3,000 |
| A5 | Is mian leat cinneadh a rinne údarás pleanála ar iarratas a chuir tú isteach chuige a achomharc, agus i gcás an achomhairc sin:<br>• **tá** coimeád i gceist ann;<br>• **ní** bhaineann sé le forbairt thráchtála; agus<br>• **níl** TMTT ná RTN i gceist san achomharc nó san iarratas. | €660 |

| Achomhairc Chéad Pháirtí | | Táille |
|---|---|---|
| A6 | Is mian leat cinneadh a rinne údarás pleanála ar iarratas a chuir tú isteach chuige a achomharc, agus i gcás an achomhairc sin:<br>• **tá** coimeád i gceist ann;<br>• **ní** bhaineann sé le forbairt thráchtála; agus<br>• **tá** TMTT ná RTN i gceist san achomharc nó san iarratas. | €660 |
| A7 | Is mian leat cinneadh a rinne údarás pleanála ar iarratas a chuir tú isteach chuige a achomharc, agus i gcás an achomhairc sin:<br>• **tá** coimeád i gceist ann;<br>• **tá** baint aige le forbairt thráchtála; agus<br>• **níl** TMTT ná RTN i gceist san achomharc nó san iarratas. | €4,500 |

| Achomhairc chéad pháirtí faoi Alt 48 agus Alt 49 de na hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt | | Táille |
|---|---|---|
| A8 | Ní mian leat achomharc a dhéanamh **ach amháin** in aghaidh coinníollacha maidir le ranníocaíocht airgeadais a gearradh faoin scéim um ranníocaíocht speisialta.<br><br>**Nó**<br><br>Creideann tú nár chuir an t-údarás áitiúil téarmaí na Scéime um Ranníocaíocht Forbartha nó Scéim na Ranníocaíochta Forlíontaí Forbartha i bhfeidhm i gceart, agus mar sin cuireadh coinníollacha i bhfeidhm go hearráideach ar chinneadh. | €220 |

## Achomhairc Thríú Páirtí

Achomhairc ó dhuine seachas an té a rinne an t-iarratas bunaidh ar chead in aghaidh cinneadh a rinne údarás pleanála ar fhorbairt bheartaithe.

| Achomharc pleanála | | Táille |
|---|---|---|
| A9 | Chuir tú tuairim nó aighneacht isteach chuig an údarás pleanála maidir le hiarratas, agus anois is mian leat cinneadh an údaráis phleanála a achomharc. | €220 |

## Cead achomhairc

| Cead achomhairc | | Táille |
|---|---|---|
| A10 | Ba mhaith leat **cead achomhairc** a fháil chun cinneadh an údaráis phleanála a achomharc. | €110 |
| A11 | Chuir tú iarratas ar **chead achomhairc** isteach chuig an mBord Pleanála. Cheadaigh an Bord d'iarratas. Tá achomharc á chur isteach agat anois tar éis an chinnidh seo. | €110 |

## Táille laghdaithe achomhairc

| Táille laghdaithe achomhairc | | Táille |
|---|---|---|
| A12 | Tá tú ar liosta na n-eagraíochtaí a cháilíonn do tháille laghdaithe achomhairc (féach an liosta ar liosta ar leathanaigh 2.9 agus 2.10). | €110 |

# Tuairim ar achomharc

| Tuairim | | Táille |
|---|---|---|
| A13 | Is mian leat tuairim nó aighneacht a chur isteach maidir le hachomharc pleanála atá os comhair an Bhoird Pleanála faoi láthair. | €50 |
| A14 | Tá tú ar liosta na n-eagraíochtaí a cháilíonn do tháille laghdaithe (féach an liosta ar leathanaigh 2.9 agus 2.10) **agus** is mian leat tuairim nó aighneacht a chur isteach maidir le hachomharc pleanála atá os comhair an Bhoird Pleanála faoi láthair. | Níl aon táille ann. |

# Aighneacht ar chóip d'achomharc nó de dhoiciméid achomhairc a fhaigheann tú ón mBord Pleanála

| Aighneacht ar chóip d'achomharc nó de dhoiciméid achomhairc a fhaigheann tú ón mBord Pleanála | | Táille |
|---|---|---|
| A15 | Tá cóip d'achomharc nó de dhoiciméid achomhairc faighte agat agus iarradh ort aighneacht a dhéanamh ar an achomharc. Is mian leat aighneacht a dhéanamh. | Níl aon táille ann. |

# Iarratas ar éisteacht ó bhéal

| Iarratas ar éisteacht ó bhéal | | Táille |
|---|---|---|
| A16 | Is mian leat iarratas a dhéanamh chuig an mBord Pleanála ar éisteacht ó bhéal ar achomharc pleanála. | €50 |

# Achomhairc eile faoi na hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt

| Achomhairc in aghaidh dréachtscéim phleanála a dhéanamh i gcrios forbartha straitéisigh | | Táille |
|---|---|---|
| A17 | Is mian leat achomharc a dhéanamh in aghaidh dréachtscéim phleanála a dhéanamh i gcrios forbartha straitéisigh. | €220 |

| Achomharc in aghaidh cinneadh maidir le ceadúnas chun gléas, trealamh, struchtúr, cábla nó rud éigin eile a shuí ar bhóthar poiblí | | Táille |
|---|---|---|
| A18 | Is mian leat achomharc a dhéanamh maidir le ceadúnas chun gléas, trealamh, struchtúr, cábla nó rud éigin eile a shuí ar bhóthar poiblí (ceadúnas alt 254). | €220 |

| Achomhairc eile faoi na hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt | | Táille |
|---|---|---|
| A19 | Is mian leat achomharc a dhéanamh leis an mBord Pleanála maidir le rud nár luadh anseo. | Déan teagmháil linn. |

# Tarchuir

| Tarchuir | | Táille |
|---|---|---|
| R1 | Is mian leat dearbhú a rinne údarás pleanála ar cheist a cuireadh ar an údarás pleanála a tharchur chuig an mBord Pleanála. | €220 |
| R2 | Is mian le húdarás pleanála ceist a cuireadh ar an údarás pleanála a tharchur chuig an mBord Pleanála. | €110 |
| R3 | Teipeann ortsa agus ar údarás pleanála teacht ar chomhaontú maidir le mionsonraí ceadaithe, mar sin is mian leat é a tharchur chuig an mBord Pleanála. | €220 |
| R4 | Gach tarchur eile **ach amháin** ar tharchur faoi alt 5(8). | €220 |
| R5 | Is duine nó eagraíocht thú a cháilíonn do tháille laghdaithe (féach an liosta ar leathanaigh 2.9 agus 2.10) **agus** is mian leat ábhar a tharchur chuig an mBord Pleanála faoi chineál R1, R3 nó R4. | €110 |
| R6 | Tarchur faoi alt 5(8) de na hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt. | Níl aon táille ann |

| | | |
|---|---|---|
| R7 | Aighneacht nó tuairim a dhéanamh (comhlachtaí forordaithe áirithe dhíolmhaite; féach an liosta ar leathanaigh 2.9 agus 2.10). | €50 |

## Toiliú ionaid

| Toiliú ionaid faoi Alt XA de na hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt | | Táille |
|---|---|---|
| SC1 | Is mian leat cead a iarraidh chun iarratas ar thoiliú ionaid a dhéanamh. | €3,000<br>Má cuireadh cead roimhe seo i leataobh le cinneadh Cúirte, ní ghearrtar aon táille. |
| SC2 | Is mian leat iarratas ar thoiliú ionaid a dhéanamh. | An táille chéanna agus a bheadh le híoc le húdarás pleanála. |
| SC3 | Is mian leat éisteacht ó bhéal a iarraidh faoi Alt 177Q. | €50 |

## TMTT a scóipeáil

| TMTT a scóipeáil | | Táille |
|---|---|---|
| Q1 | Is mian leat go ndéanfadh an Bord Pleanála TMTT a scóipeáil. | €5,000 |

## TMTT nó RTN a chur isteach ar iarratas ón mBord

| TMTT nó RTN a chur isteach ar iarratas ón mBord | | Táille |
|---|---|---|
| P1 | Tá TMTT nó RTN á chur isteach ar iarratas ón mBord. | €1,500 |

| TMTT nó RTN a chur isteach ar iarratas ón mBord | | Táille |
|---|---|---|
